Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**5025/24**

**ECOFIN 4**
**UEM 3**
**SOC 3**
**EMPL 3**
**COMPET 3**
**ENV 3**
**EDUC 2**
**RECH 3**
**ENER 2**
**JAI 5**
**GENDER 2**
**ANTIDISCRIM 2**
**JEUN 2**
**SAN 3**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15630/23 + ADD 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 903 final |
| Ábhar: | Dréacht-MHOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an leagan de dhréachtmholadh 2024 ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, tar éis chruinnithe an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus Mheitheal an Ghrúpa Euro, atá le formheas ag Ecofin an 16 Eanáir 2024. Ba cheart an téacs a ghlacadh go foirmiúil tar éis don Chomhairle Eorpach é a fhormhuiniú i mí an Mhárta 2024.

**Dréacht-MHOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 136 i gcomhar le hAirteagal 121(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú[1], a neartú, agus go háirithe Airteagal 5(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

[1] IO L 209, 2.8.1997, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1466/oj.
[2] IO L 306, 23.11.2011, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá athléimneacht léirithe ag geilleagar an limistéir euro in aghaidh na dturraingí móra eacnamaíocha le blianta anuas, agus freagairt bheartais láidir, chomhordaithe agus tráthúil á léiriú freisin, ach tá móiminteam caillte aige le déanaí. Tar éis an téarnaimh mhóir in 2021 agus 2022, tá coinne leis go moilleoidh an fás sa limistéar euro go 0.6 % in 2023. Maidir le praghsanna tomhaltóra atá fós ard ach ag maolú den chuid is mó d'earraí agus seirbhísí, tá brú mór acu ar an ngeilleagar, d'ainneoin an laghdú ar phraghsanna fuinnimh, agus níl an t-éileamh seachtrach ag tabhairt tacaíocht láidir. Idir an dá linn, tá an éifeacht a bhíonn ag géarú an bheartais airgeadaíochta ag feidhmiú tríd an ngeilleagar. Ar an taobh dearfach, tá an margadh saothair fós láidir, is ísle an ráta dífhostaíochta, agus difríochtaí le brath ar fud na mBallstát agus na réigiún, agus is airde na rátaí rannpháirtíochta agus fostaíochta ná riamh, cé go bhfuil comharthaí ann go bhfuil sé ag dul i bhfuaire. In 2024, tá coinne leis go dtiocfaidh téarnamh de réir a chéile ar an bhfás, faoi 1.2 %, de dhroim leathnú leanúnach ar an bhfostaíocht agus fíorphánna a bheith ag ardú, agus leanann an boilsciú ag titim an tráth céanna. Tá éiginnteacht ard agus rioscaí ag baint leis an ionchas fós, rudaí a bhaineann go príomha leis an gcaoi a bhfuil cogadh foghach leanúnach na Rúise ar an Úcráin, cúrsaí sa Mheánoirthear, tar éis ionsaithe sceimhlitheoireachta brúidiúla neamh-idirdhealaitheacha Hamas ar Iosrael, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le cur isteach ar sholáthairtí fuinnimh an athuair, agus tionchar suntasach a imirt ar phraghsanna fuinnimh, agus na rioscaí a bhaineann le moilliú struchtúrach sa tSín. Thairis sin, féadfaidh tionchar moillithe na mbeartas chun an boilsciú a chomhrac, agus na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leo ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch, cur leis na rioscaí a bhaineann leis an ionchas. Athruithe struchtúracha atá nasctha go háirithe le tionchar an athraithe aeráide a bheith ag dul i ndéine, mar a léirítear leis na dálaí adhaimsire agus leis na falscaithe agus tuilte gan fasach, téann siad i bhfeidhm ar an ionchas freisin.

(2) Tar éis na buaice a tharla i mí Dheireadh Fómhair 2022, mhaolaigh an boilsciú príomha sa limistéar euro, arbh é laghdú na bpraghsanna fuinnimh ba phríomhchúis leis, ach bhí maolú leathan de réir a chéile le brath sna comhpháirteanna eile freisin. Fós féin, tá boilsciú bia agus seirbhísí fós ard, go háirithe dóibh siúd is leochailí, agus tá na brúnna boilscitheacha fós substaintiúil i roinnt Ballstát. Meastar go dtiocfaidh laghdú ar an mboilsciú go 3.2 % in 2024, rud a bheidh fós os cionn sprioc 2 % BCE, agus titfidh sé go 2.2 % in 2025. Maidir leis an bpróiseas frithbhoilscithe, cabhraíonn an méadú is tapa agus is mó a tháinig ar rátaí úis BCE ó cruthaíodh an t-aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta leis sin. Tá méadú tagtha ar thorthaí ceannasacha sa limistéar euro ach tá raonta difríochta réasúnta cobhsaí fós. Tá gealltanas tugtha arís agus arís eile ag BCE chun rátaí úis a choimeád ard a fhad is gá chun an boilsciú a thabhairt anuas chuig an sprioc agus tá soiléirithe aige go gcloífidh conair an bheartais airgeadaíochta amach anseo le cur chuige a bhraitheann ar shonraí.

(3) Tá dochar déanta ag turraing an phraghais fuinnimh don iomaíochas sa limistéar euro, go háirithe i gcás na mBallstát agus na dtionscal atá dian ar fhuinneamh. Go dtí seo, tá maolú ar thionchar diúltach na gcostas ard le gluaiseachtaí an ráta malairte agus bearta sealadacha arna nglacadh ag rialtais chun tacú le gnólachtaí agus teaghlaigh leochaileacha. Mar sin féin, tá costas ard an fhuinnimh, in éineacht le difríochtaí i ndéine fuinnimh gheilleagair na mBallstát agus sna foinsí óna bhfaigheann siad a gcuid fuinnimh chomh maith le difríochtaí i struchtúir an mhargaidh agus freagairtí beartais tar éis cur le difreálaigh mhóra boilscithe laistigh den limistéar euro. D’ainneoin an laghdaithe ar phraghsanna fuinnimh in 2023, níl ach laghdú páirteach tagtha ar na difreálaigh sin go dtí seo. In éineacht leis an inathraitheacht i ndáil le fás pánna le 2 bhliain anuas, d’fhéadfadh bearnaí iomaíochais a bheith ar fud na mBallstát sa limistéar euro de bharr na ndifreálach praghsanna, má leantar ar aghaidh leo, agus d’fhéadfadh na difreálaigh sin cur le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh d’fheidhmiú cuí an limistéir euro. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, aghaidh a thabhairt ar na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha uile. Sa mheántéarma, braitheann cumas an limistéir euro agus cumas na mBallstát chun táirgiúlacht a neartú, go páirteach, ar an inniúlacht chun an nuálaíocht agus infheistíocht a chothú. Ina leith sin, mar gheall ar ionchais faoi phraghsanna agus costais fuinnimh a d’fhéadfadh a bheith níos airde ná praghsanna agus costais comhpháirtithe trádála i gcónaí, bearna leanúnach i bhfás na táirgiúlachta i gcomparáid le piaraí, agus rioscaí méadaitheacha na hilroinnte geo-eacnamaíche, d’fhágfadh na rudaí sin go mbeadh geilleagair an limistéir euro faoi mhíbhuntáiste.

(4) Mar gheall ar an timpeallacht mhaicreacnamaíoch reatha, arb iad an éiginnteacht mharthanach, boilsciú ard, agus iomaíochas lagaithe an limistéir euro is saintréithe di, tá gá le clár oibre beartas uaillmhianach. Sa ghearrthéarma, is tosaíocht é a áirithiú go bhfillfidh an boilsciú ar sprioc 2 % BCE. Ina theannta sin, d'fhéadfadh dibhéirseachtaí iomaíochais a bheith ann de bharr difríocht mharthanach sna rátaí boilscithe idir na Ballstáit. Ba cheart go seachnófaí cur le brúnna boilscitheacha leis an mbeartas fioscach. Tháinig laghdú ar ioncam réadach in 2022, agus iarrtar forbairtí ar phá chun an caillteanas i ndáil le cumhacht cheannaigh a mhaolú, go háirithe i gcás oibrithe ar ioncam íseal. An tráth céanna, ba cheart do na húdaráis phoiblí faireachán dlúth a dhéanamh ar éifeachtaí indíreacha ar bhoilsciú agus iomaíochas agus ba cheart iad a chur san áireamh i bhfoirmíocht pánna. Ina theannta sin, tá sé fós ríthábhachtach rioscaí i ndáil le cobhsaíocht mhacrairgeadais agus tionchar maicreacnamaíoch dálaí airgeadais níos déine a theorannú. Ní mór don limistéar euro fás ionchuimsitheach inbhuanaithe a chothú fós agus a iomaíochas domhanda a chaomhnú, amach anseo, fad a sheachnaítear dibhéirseachtaí ar fud an limistéir euro. I ndáil leis sin, tá fíorthábhacht ag baint le hathchóirithe agus infheistíochtaí, lena n-áirítear chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus athléimneacht an limistéir euro a chothú. Tá rannpháirtíocht thráthúil agus éifeachtach comhpháirtithe sóisialta, agus idirphlé sóisialta láidir, ríthábhachtach chun tacú le ceapadh beartais agus úinéireacht leathan lena gcothaítear cur chun feidhme.

(5) Tar éis leathnú suntasach a bhain le géarchéim idir 2020 agus 2022, a chuidigh le haghaidh a thabhairt ar na suaití seachtracha agus teaghlaigh leochaileacha agus gnólachtaí inmharthana a chosaint, tá coinne leis go mbeidh an staid fhioscach fhoriomlán sa limistéar euro sriantach in 2023 agus 2024, rud atá i gcomhréir leis an ngá chun na leibhéil easnaimh agus fiachais phoiblí a laghdú agus gan cur le brúnna boilscitheacha, fad a bhítear solúbtha i bhfianaise na héiginnteachta airde. Idir 2020 agus 2022, thacaigh staid fhioscach fhairsingiúcháin an limistéir euro, arbh ionann é agus thart ar 4 % de OTI, leis an ngeilleagar le linn ghéarchéim COVID-19 agus an borradh faoi phraghsanna fuinnimh tar éis fhogha na Rúise faoin Úcráin. In 2023 agus 2024, tá coinne leis go n-iompóidh an staid fhioscach chomhiomlán ina staid chrapthach, faoi ½ % de OTI sa 2 bhliain, toisc go bhfuil deireadh iomlán nach mór á chur leis na bearta fuinnimh a bhaineann leis na géarchéimeanna. Maidir leis an staid fhioscach chrapthach fhoriomlán a bhfuil coinne léi in 2023 agus 2024, cuirfidh sí leis an iarracht chun maoláin fhioscacha a athbhunú le himeacht ama agus le feabhsú inbhuanaitheacht airgeadais phoiblí dá réir sin. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go gcomhlíonfar na teorainneacha maidir le glanfhás caiteachais a mhol an Chomhairle. Chomh maith leis an ngá atá le straitéis fhioscach stuama a choinneáil, ní mór infheistíocht phoiblí a choinneáil agus a mhéadú a mhéid is féidir i gcás inar gá, agus infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn a thuilleadh, chun tacú leis an iomaíochas, le fás fadtéarmach cuimsitheach agus inbhuanaithe agus le haistriú cóir glas digiteach. In 2023 agus 2024, tá coinne leis go leathnófar infheistíocht phoiblí tuilleadh i bhformhór na mBallstát, le tacaíocht leanúnach RRF agus cistí eile ón Aontas. Tá brú ar airgeadas poiblí freisin de bharr na gcostas ard mar shampla aosú, cosaint, chomh maith leis an difreálach fáis úis ar lú a fhabhar. Mar chuid de na moltaí tírshonracha, moladh do roinnt Ballstát sa limistéar euro bearta a dhéanamh chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht a gcóras pinsin agus cúraim sláinte agus athchóirithe cánach a ghlacadh. Dá ndéanfaí athbhreithnithe caiteachais mar chuid thráthrialta den phróiseas buiséadach bliantúil/ilbhliantúil, chabhródh sé le feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus cáilíocht caiteachais phoiblí. Ní mór raon feidhme soiléir, sainordú soiléir agus modheolaíocht shoiléir a bheith ag gabháil leis na hathbhreithnithe sin agus ba cheart a dtorthaí a chur in iúl go soiléir don phobal. Trí bhearta lena dtugtar aghaidh ar phleanáil ionsaitheach cánach, ar sheachaint cánach agus ar imghabháil cánach is féidir córais chánach a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos córa, agus ag an am céanna tacaíocht a thabhairt don téarnamh agus ioncaim a mhéadú.

(6) Tá coinne leis go dtiocfaidh laghdú faoi 2.8 pointe céatadáin carntha ar chóimheas comhiomlán fiachais-OTI an limistéir euro i gcaitheamh 2023-2024, agus bainfear amach 89.7 % de OTI faoi dheireadh 2024. Is é fás ainmniúil OTI, atá níos tapa ná an meánráta úis a íoctar ar fhiachas le híoc, a spreagann an laghdú sin den chuid is mó. Mar sin féin, tá an fiachas fós ard i roinnt Ballstát agus cuirfidh na rátaí úis níos airde ar an iomlán leis na costais níos airde a bhaineann le fiachas a sheirbhísiú, agus beidh tionchar diúltach ar dhinimic fiachais agus gach ní eile mar a chéile. Is é is aidhm do thogra an Choimisiúin chun an Creat Rialachais Eacnamaíoch[3] a athchóiriú coigeartuithe fioscacha réalaíocha agus marthanacha de réir a chéile a chur chun cinn, coigeartuithe a bheidh treoraithe ag pleananna meántéarmacha tírshonracha, agus fás inbhuanaithe a fheabhsú trí dhreasachtaí a thabhairt le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí ábhartha. I mí na Nollag, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir leis an bpacáiste athbhreithniúcháin ar an rialachas eacnamaíoch. Le creat rialachais eacnamaíoch athbhreithnithe, cruthófar níos mó soiléireachta agus intuarthachta i ndáil le beartas airgeadais amach anseo, rud lena gcuirfear inbhuanaitheacht fiachais agus fás eacnamaíoch chun cinn an tráth céanna.

(7) Bhí glanchostas na mbeart tacaíochta éigeandála, a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú fós ard in 2023, cé gur thit sé beagáinín i gcomhthéacs praghsanna fuinnimh a bhí ag titim ón mbuaic in 2022. Measann an Coimisiún go bhfuil glanchostas buiséadach na mbeart sin cothrom le 1.0 % de OTI an limistéir euro in 2023, síos ó 1.3 % in 2022. Fiú má tháinig feabhas ar an spriocdhíriú, tá beagnach leath den chostas buiséadach gaolmhar in 2023 tar éis dul i dtreo bearta praghais nach bhfuil dírithe ar theaghlaigh agus ar chuideachtaí leochaileacha. Tá coinne leis go gcuirfear deireadh le formhór na mbeart de réir a chéile le linn 2024, i gcomhréir leis an gcobhsú a bhfuil coinne leis i ndáil le praghsanna fuinnimh; má thagann na pleananna sin chun cinn, beidh costas buiséadach iarmharach thart ar 0.2 % de OTI ann in 2024 don limistéar euro ina iomláine. Mar sin féin, dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, ba cheart na bearta tacaíochta sin a spriocdhíriú ar chosaint do theaghlaigh leochaileacha agus gnólachtaí leochaileacha, ba cheart iad a bheith inacmhainne go fioscach, agus ba cheart a chaomhnú leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh. Ar bhonn níos ginearálta, agus lasmuigh de bhearta fuinnimh a bhaineann le géarchéimeanna, dá mbainfí úsáid ní ba láidre as cánachas comhshaoil, i gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, agus dá gcuirfí deireadh de réir a chéile le fóirdheontais le haghaidh breosla iontaise nach dtugann aghaidh ar bhochtaineacht fuinnimh ná ar aistriú cóir, agus fóirdheontais eile a dhéanfadh díobháil don chomhshaol, d'fhéadfaí cur leis an spás fioscach do na Ballstáit sa limistéar euro.

[3] COM(2023) 240 final, COM(2023) 241 final agus COM(2023) 242 final.

(8) Dá gcothófaí ardleibhéal leordhóthanach infheistíochta poiblí, d'fhéadfaí cabhrú le hinfheistíocht phríobháideach a shlógadh, borradh a chur faoin bhfás féideartha agus faoin iomaíochas, agus tacaíocht a thabhairt don aistriú glas agus aistriú digiteach, chomh maith le hathléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch a neartú. I ndáil leis sin, is tosaíocht é cur chun feidhme iomlán na n-athchóirithe agus infheistíochtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) agus cistí beartais comhtháthaithe. Tá cur chun feidhme pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ar bun, ach tá an dul chun cinn éagsúil ar fud na mBallstát agus ní mór dlús a chur leis an gcur chun feidhme i roinnt cásanna chun moilleanna carntha a dhúnadh. I lár mhí na Samhna bhí 34 iarratas ar íocaíocht faighte ag an gCoimisiún ó 19 mBallstát sa limistéar euro agus bhí EUR 162.1 billiún i ndeontais agus iasachtaí eisíoctha. Is éard atá i gceist leis sin EUR 51.6 billiún a íocadh i réamh-mhaoiniú agus EUR 110.5 billiún a eisíocadh tar éis garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach. Bhí luas na heisíocaíochta in 2023 ní ba mhoille ná an luas a raibh coinne leis, toisc, go páirteach, go bhfuil na Ballstáit ag díriú ar a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a athbhreithniú de bharr athruithe ar leithdháileadh deontas, iarrataí nua ar iasachtaí agus tabhairt isteach chaibidlí REPowerEU[4]. Ó thús phaindéim COVID-19, tá beagnach EUR 120 billiún eisíoctha le Ballstáit sa limistéar euro ag beartas comhtháthaithe, faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, Ciste Sóisialta na hEorpa agus an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg. I gcomhthéacs athbhreithniú meántéarma an Bheartais Comhtháthaithe, beidh an deis ag na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar chláir an Bheartais Comhtháthaithe agus cistí a leithdháileadh chun dul i ngleic le riachtanais phráinneacha agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Le timthriall 2024 den Seimeastar Eorpach, soláthrófar treoirlínte don athbhreithniú meántéarma agus cabhróidh sé le cistiú i bhfianaise an chomhthéacs shocheacnamaíoch agus na ndúshlán sna Ballstáit agus na réigiúin a ghabhann leo, fad a leantar ar aghaidh de chomhlántacht leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile ón Aontas a chur chun cinn.

[4] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

(9) Maidir le cur chun cinn na hinfheistíochta príobháidí, na nuálaíochta agus na forbartha scileanna, tá siad ríthábhachtach i ndáil le feabhsú na táirgiúlachta agus neartú iomaíochas an limistéir euro, go háirithe i ndáil le tacaíocht don aistriú glas agus aistriú digiteach. Dá mbainfí bacainní ar infheistíocht, lena n-áirítear le hathchóirithe lena gcuíchóirítear agus lena ndigiteáiltear an phleanáil, ceadú agus nósanna imeachta riaracháin eile, chabhródh sé le borradh a chur faoin infheistíocht phríobháideach. Féadann an beartas tionsclaíoch agus beartais atá dírithe ar thaobh an tsoláthair cur leis an iarracht freisin trí thacú leis an infheistíocht, iomaíochas a chosaint agus rioscaí a bhaineann le róspleáchas ar líon teoranta tríú tíortha le haghaidh príomhtheicneolaíochtaí, amhábhar agus ionchuir thionsclaíocha a sheachaint. Mar chuid de Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, tá roinnt tionscnamh curtha chun cinn ag an gCoimisiún Eorpach chun earnálacha straitéiseacha a neartú, lena n-áirítear an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta[5], an Gníomh um Amhábhar Criticiúil[6] agus Ardán na dTeicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)[7]. Leis an gCiste don Nuálaíocht agus an Ciste don Nuachóiriú, soláthraítear tacaíocht airgeadais le haghaidh an aistrithe a bhfuil gá leis san earnáil phríobháideach freisin. Ina theannta sin, le glacadh an Chreata Shealadaigh Géarchéime agus Aistrithe[8], tá curtha ag an gCoimisiún Eorpach ar chumas na mBallstát an tsolúbthacht dá ndéantar foráil faoi na rialacha maidir leis an státchabhair a úsáid chun tacú le bearta in earnálacha a bhfuil fíorthábhacht ag baint leo le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar aeráidneodrach. Cé go bhfuil bearta déanta ag Ballstáit sa limistéar euro chun tacú leis na hearnálacha is mó atá nochta don ghéarchéim fuinnimh agus chun tacú leis an aistriú glas, cinntear na bearta sin ar leibhéal na tíre de ghnáth, rud lena mbaineann riosca go saobhfaí cothrom na Féinne sa Mhargadh Aonair. Is é is aidhm don togra ón gCoimisiún le haghaidh STEP aghaidh a thabhairt ar an ngá méadaithe le hinfheistíochtaí poiblí ón Aontas i dteicneolaíochtaí criticiúla mar sin, chun infheistíochtaí príobháideacha i bhfad níos mó a ghiaráil agus is féidir go gcuideoidh sé le cóineasú agus an Margadh Aonair a choimirciú. Tá margaí caipitil láidre ríthábhachtach chun go mbeidh geilleagar an limistéir euro ionchuimsitheach, iomaíoch agus athléimneach. Dá mbeadh Aontas na Margaí Caipitil ní ba dhoimhne, chuideodh sé leis an maoiniú príobháideach is gá le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh a shlógadh, laghdódh sé an ilroinnt agus chuirfeadh sé feabhas ar an rochtain ar mhaoiniú. I mí Feabhra 2023 d'iarr an Chomhairle Eorpach ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ar Pharlaimint na hEorpa dlús a chur le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil tríd an obair ar na tograí reachtacha sa réimse sin a chur ar aghaidh agus a thabhairt chun críche.

5 COM(2023) 161 final.
6 COM(2023) 160 final.
7 COM(2023) 335 final.
8 IO C 101, 17.3.2023, lgh. 3–46.

I mí na Bealtaine 2023 shocraigh an Grúpa Euro an aidhm go dtiocfar ar chomhaontú faoi mhí an Mhárta 2024 maidir le réimsí ar ar cheart don Choimisiún Eorpach breithniú a dhéanamh chun Aontas na Margaí Caipitil a dhoimhniú a thuilleadh. Mar chuid d'obair an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, chuir an Coimisiún togra síos in 2023 maidir le creat dlíthiúil le haghaidh euro digiteach. Le euro digiteach, lena gcomhlánófaí airgead tirim in euro, thacófaí le digiteáil an gheilleagair agus leis an nuálaíocht in íocaíochtaí miondíola agus laghdófaí ilroinnt íocaíochtaí ar fud an Aontais. Dá n-eiseofaí é, thabharfadh an euro digiteach deis nua isteach chun airgead bainc ceannais saor ó riosca a úsáid i seirbhísí íocaíochta Eorpacha. D'éascódh sé íocaíochtaí trasteorann freisin agus rannchuideodh sé le ról idirnáisiúnta an euro chomh maith le huathriail straitéiseach oscailte na hEorpa a neartú.

(10) D'ainneoin spreagadh fáis a bheith ag moilliú, tá an margadh saothair fós athléimneach. Lean an fhostaíocht de bheith ag dul i méid in 2023, in éineacht le huaireanta oibre, i bhfianaise ganntanais saothair agus scileanna agus cuideachtaí a bheith ag cnapaireacht saothair níos minice. Cé go bhfuil bonn leathan faoin dea-fheidhmíocht fhoriomlán ar fud na mBallstát, tá roinnt grúpaí fós faoi ghannionadaíocht sa mhargadh saothair (lena n-áirítear mná, daoine óga, daoine ar bheagán scileanna, daoine faoi mhíchumas). Tá ról tábhachtach ag beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair (in éineacht le soláthar oideachais agus cúraim luath-óige chomh maith le cúram fadtéarmach ardchaighdeáin agus inacmhainne) chun borradh a chur faoi rannpháirtíocht agus chun tacú le soláthar agus sealbhú scileanna, lena n-áirítear le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus imríonn siad tionchar dearfach ar fhás aschuir ionchasach agus ar iomaíochas san fhadtéarma. Trí dhálaí oibre níos fearr a chur chun cinn agus mar chomhlánú ar leas a bheith á bhaint as buanna laistigh den Aontas, is féidir go mbeidh an imirce dhleathach bhainistithe ó thríú tíortha, agus urramú agus forfheidhmiú na gceart saothair agus sóisialta á n-áirithiú, ina cuidiú le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna agus saothair. D'eisigh Ballstáit an limistéir euro 664 000 ceann de chéad cheadanna oibre do náisiúnaigh tríú tíortha chun críoch fostaíochta in 2022, líon a bhfuil méadú faoi thrí, nach mór, tagtha air le 10 mbliana anuas.

(11) Tháinig méadú ar phá ainmniúil in 2022 (+ 4.8 %) agus le linn na chéad mhíonna de 2023, de dhroim boilsciú ard agus margaí saothair dochta. Cé gur mhaolaigh sé sin go páirteach ar chaillteanais cumhachta ceannaigh, níor choinnigh fás pá ainmniúil suas le boilsciú (- 3.7 % i gcás fíorphá in 2022). Is dócha go mbeidh fás pá ainmniúil láidir i gcaitheamh 2023 agus 2024, ach tiocfaidh méadú measartha ar fhíorphá, rud a neartóidh an t-éileamh intíre. An tráth céanna, d'fhéadfadh an fás pá lena bhfuil coinne difear a dhéanamh do phraghsanna earraí a bhfuil comhpháirt mhór saothair intíre acu, mar shampla seirbhísí, cé go bhféadfaí maolú a dhéanamh ar an tionchar ar phraghsanna dá leachtófaí méaduithe a rinneadh san am a chuaigh thart ar bhrabúis aonaid. D'fhéadfadh pá níos airde, mura ndéantar é a mheaitseáil le gnóthachain táirgiúlachta, difear a dhéanamh don iomaíochas freisin agus d'fhéadfadh míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bheith mar thoradh ar dhibhéirseachtaí marthanacha ar fud an limistéir euro, i measc tosca eile. Dá bhrí sin, i gcomhréir le cleachtais náisiúnta agus ról na gcomhpháirtithe sóisialta á urramú, ba cheart do chomhaontuithe pá forbairtí sa limistéar euro a léiriú go hiomchuí sa bhreis ar dhinimic earnála agus náisiúnta.

(12) An méadú ar an gcostas maireachtála, a bhaineann go príomha leis an ngéarchéim fuinnimh agus le dul in olcas na dtéarmaí trádála atá bainteach leis, bhí tionchar diúltach aige ar ioncam réadach agus bhí impleachtaí sóisialta nach beag aige freisin. In 2022 tháinig méadú 17.5 % ar phraghsanna tithíochta, uisce, leictreachais, gáis agus breoslaí eile, méadú 10.5 % ar phraghsanna bia agus deochanna neamh-mheisciúla agus méadú 11.2 % ar phraghsanna iompair. Bhí teaghlaigh ar ioncam íseal thíos le coigeartuithe costais maireachtála a bhí mór go maith. I níos mó ná an leathchuid de Bhallstáit an limistéir euro, méadaíodh an díth ábharach agus shóisialta agus an bhochtaineacht fuinnimh, d'ainneoin forbairtí pá ainmniúil agus sásraí tacaíochta. I roinnt Ballstát, rinne méaduithe ar an gcostas maireachtála difear díréireach do sheanóirí agus do dhaoine a bhfuil cónaí orthu i limistéir thuaithe.

(13) Cruthaíodh go bhfuil earnáil baincéireachta an limistéir euro athléimneach d'ainneoin babhtaí éagsúla de shuaitheadh méadaithe ar an margadh. Tá earnáil baincéireachta an limistéir euro dea-chaipitlithe agus brabúsach anois, mar a dheimhnigh tástálacha struis uile-Aontais 2023 arna ndéanamh ag an Údarás Baincéireachta Eorpach. In éineacht le géarú ar chaighdeáin airgeadaíochta agus iasachtaithe, tá moilliú suntasach ag teacht ar shreabhadh creidmheasa chuig an earnáil phríobháideach. Amach anseo, tá baol ann go mbeidh cáilíocht sócmhainní níos laige ann má thagann meath géar ar an ionchas maicreacnamaíoch, mar aon le rátaí úis a bheith ard ar feadh tréimhse fhada ama. An tráth céanna, d'fhéadfadh sé go mbeidh ar an earnáil idirghabhála airgeadais neamhbhainc aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí. I gcomhthéacs dálaí maoiniúcháin níos géaraithe, beidh sé tábhachtach faireachán a dhéanamh ar rioscaí go tráthúil, teagmháil réamhghníomhach a dhéanamh le féichiúnaithe agus bainistíocht ghníomhach a dhéanamh ar iasachtaí neamhthuillmheacha chun cumas na hearnála airgeadais an geilleagar a mhaoiniú a choinneáil ar bun. D'fhéadfadh rioscaí eile do mhargaí airgeadais teacht aníos. Go sonrach, d'fhéadfaí ceartú níos láidre a dhéanamh ar phraghsanna sócmhainní, ar bhealach a d'fhéadfadh a bheith mí-ordúil, mar thoradh ar phréimheanna riosca níos airde agus dálaí leachtachta géaraithe ann. Is gá dlúthfhaireachán a dhéanamh freisin ar an gcoigeartú leanúnach ar na margaí réadmhaoine cónaithe agus tráchtála. De thoradh rátaí úis a bheith ag dul in airde agus acmhainneacht seirbhísithe fiachais a bheith ag dul in olcas, d'fhéadfaí ceartuithe móra a dhéanamh ar phraghsanna reádmhaoine agus éagobhsaíocht airgeadais a ghríosadh.

(14) Le ráiteas mhí an Mhárta 2023 ón gCruinniú Mullaigh Euro, athdhearbhaíodh gealltanais cheannairí an limistéir euro an tAontas Baincéireachta a thabhairt i gcrích i gcomhréir leis an ráiteas ón nGrúpa Euro an 16 Meitheamh 2022. I bhfianaise an mhéid sin, i mí Aibreáin 2023, chuir an Coimisiún togra síos maidir le hathchóiriú an chreata bainistithe géarchéime banc agus árachais taiscí. Is é is aidhm don togra creat a thógáil a bheidh oiriúnach do bhainc a bhfuil ag cliseadh orthu, de mhéid ar bith nó de shamhail ghnó ar bith, lena n-áirítear gníomhaithe beaga, agus ar an gcaoi sin cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú, úsáid cistí poiblí a íoslaghdú agus muinín na dtaisceoirí a neartú. Gheall an Grúpa Euro go ndéanfadh sé athbhreithniú ina dhiaidh sin ar staid an Aontais Baincéireachta agus go ndéanfadh sé bearta breise féideartha a shainaithint ar bhealach comhthoiliúil maidir leis na gnéithe eile atá fós gan réiteach chun an tAontas Baincéireachta a neartú agus a thabhairt chun críche. Sa bhreis air sin, neartófaí athléimneacht an limistéir euro a thuilleadh ach Conradh athbhreithnithe an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh, lena gceadaítear an cúlstop coiteann fioscach a thabhairt isteach sa Chiste Réitigh Aonair, a dhaingniú.

MOLANN SÍ gur cheart do Bhallstáit an limistéir euro gníomhaíocht a dhéanamh, ina n-aonar, lena n-áirítear trína bpleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme, agus i gcomhpháirt laistigh den Ghrúpa Euro, i dtréimhse 2024–2025 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Beartais fhioscacha chomhordaithe agus stuama a ghlacadh chun fiachas a choimeád ar leibhéal stuama nó chun cóimheasa fiachais a chur ar chonair inchreidte anuas. Cé gur cheart do bheartais leanúint de bheith solúbtha i bhfianaise na héiginnteachta atá ann faoi láthair, seasamh fioscach sriantach foriomlán a bhaint amach sa limistéar euro i gcomhréir leis na moltaí ón gComhairle, agus ar an gcaoi sin inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a fheabhsú agus brúnna boilscitheacha a sheachaint. Clabhsúr a chur a luaithe is féidir in 2024 le bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála agus an coigilteas gaolmhar a úsáid chun easnaimh a laghdú. Straitéisí fioscacha a fhorbairt chun staid fhioscach mheántéarmach stuama a bhaint amach agus inbhuanaitheacht an fhiachais a neartú i gcás inar gá, trí chomhdhlúthú cinntithe, difreáilte, de réir a chéile agus réalaíoch, mar aon le hinfheistíochtaí poiblí agus athchóirithe ar ardchaighdeán, go háirithe chun fás inbhuanaithe níos airde a bhaint amach agus chun borradh a chur faoi athléimneacht an limistéir euro i leith na ndúshlán a bheidh ann amach anseo. I gcás inar gá, bearta a áireamh sna straitéisí sin chun éifeachtúlacht agus cáilíocht caiteachais phoiblí a mhéadú a thuilleadh agus chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus leordhóthanacht na gcóras pinsin, cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh.

2. Ardleibhéal infheistíochta poiblí a chothú, chun tacú leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach, agus táirgiúlacht agus iomaíochas a neartú agus borradh a chur faoi athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta. Cur chun feidhme leanúnach, gasta agus éifeachtach na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, lena n-áirítear a gcaibidlí REPowerEU a áirithiú. Úsáid iomlán a bhaint as cláir beartais comhtháthaithe agus a áirithiú go gcuirfear san áireamh ina n-athbhreithniú meántéarma, i measc nithe eile, na dúshláin agus na moltaí nua a sainaithníodh sa Seimeastar Eorpach agus an dul chun cinn atá déanta maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, gan a n-uaillmhian fhoriomlán a laghdú.

3. I gcomhréir le cleachtais náisiúnta, agus urraim á tabhairt do ról na gcomhpháirtithe sóisialta, tacú le forbairtí pá lena maolaítear caillteanas cumhachta ceannaigh, go háirithe i gcás oibrithe ar ioncam íseal, agus rioscaí maidir le boilsciú agus dinimicí iomaíochais á gcur san áireamh mar is cuí, mar aon le dibhéirseachtaí fadmharthanacha sa limistéar euro a sheachaint. Uas-sciliú agus athsciliú a chur chun cinn, lena n-áirítear le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. Beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna agus chun táirgiúlacht agus fás a mhéadú. Dálaí oibre níos fearr a chur chun cinn chun oibrithe a mhealladh agus a choinneáil chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair. Bearta a dhéanamh chun imirce dhleathach bhainistithe a éascú i gcás oibrithe ó thríú tíortha i ngairmeacha a bhfuil ganntanas oibrithe iontu, i gcomhlántacht iomlán le leas a bhaint as buanna ó laistigh den Aontas Eorpach. Córais cuimsithe agus cosanta sóisialta oiriúnacha inbhuanaithe a choimirciú agus a neartú. Rannpháirtíocht éifeachtach na gcomhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartas a áirithiú agus an t-idirphlé sóisialta a neartú.

4. Bacainní infheistíochta a bhaint chun an bhearna infheistíochta atá i réim a laghdú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. Feabhas a chur ar an rochtain ar mhaoiniú, go háirithe le haghaidh cuideachtaí agus FBManna nuálacha, trí thuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le hAontas na Margaí Caipitil a dhoimhniú agus a neartú. A áirithiú go mbeidh an tacaíocht phoiblí d’earnálacha straitéiseacha ábhartha spriocdhírithe, gan aon saobhadh ar chothrom na Féinne sa Mhargadh Aonair agus d’fhonn iomaíochas an limistéir euro agus uathriail straitéiseach oscailte a fheabhsú. Leanúint de ról idirnáisiúnta an euro a neartú agus tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh san obair ar euro digiteach.

5. Cobhsaíocht mhacra-airgeadais a chaomhnú, na bealaí creidmheasa chuig an ngeilleagar a choinneáil agus an baol go mbeadh ilroinnt airgeadais ann a sheachaint. Faireachán a dhéanamh ar rioscaí atá nasctha le dálaí airgeadais níos géaraithe, go háirithe iad siúd a bhaineann le cáilíocht na sócmhainní agus le ceartuithe ionchasacha ar phraghsanna sócmhainní, lena n-áirítear i margaí réadmhaoine. Faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí in earnáil na baincéireachta agus san idirghabháil airgeadais neamhbhainc chun tiomargadh riosca shistéamaigh agus iarmhairtí diúltacha don gheilleagar a chosc. An tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche trí leanúint den obair ar na gnéithe uile atá fós gan réiteach.

Agus céimeanna breise á dtógáil chun an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA) a dhoimhniú ba cheart na ceachtanna a foghlaimíodh ó cheapadh agus ó chur chun feidhme fhreagairt chuimsitheach bheartais eacnamaíoch an Aontais ar ghéarchéim COVID-19 a chur san áireamh. Ba cheart leanúint den dul chun cinn maidir le AEA a dhoimhniú agus lán-urraim á tabhairt do mhargadh aonair an Aontais agus é sin a dhéanamh ar bhealach oscailte agus trédhearcach i leith na mBallstát nach bhfuil sa limistéar euro.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*